Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0406(COD)**

**13939/23**
**ADD 1**

**POLCOM 227**
**COMER 117**
**CODEC 1799**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréach-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráiteas |

**Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le Rialachán (AE) 2023/... maidir leis an Aontas agus a Bhallstáit a chosaint ar chomhéigean eacnamaíoch de dhéanamh tríú tíortha**

Féadfaidh comhéigean eacnamaíoch difear a dhéanamh d'aon réimse de ghníomhaíochtaí an Aontais nó Ballstáit agus d'fhéadfadh impleachtaí casta polaitiúla, eacnamaíocha agus dlíthiúla a bheith ag baint leis. Is freagairt riachtanach agus éifeachtach é an Rialachán sin ar an gcomhéigean eacnamaíoch agus oibríonn sé trí dhíspreagadh ach d'fhéadfadh glacadh frithbheart a bheith mar thoradh air, i gcás inar gá mar rogha dheireanach. Níl aon fhasach ag an Rialachán seo, tá sé ceaptha go cúramach agus aird chuí á tabhairt ar impleachtaí suntasacha na gcásanna comhéigin eacnamaíoch. Dá bhrí sin, tá an Rialachán seo agus na cineálacha cur chuige atá ann, go háirithe cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle faoi Airteagal 4, bainteach go docht le hábhar agus ní hionann iad agus fasach do chomhaid reachtacha eile bunaithe ar Airteagal 207 CFAE, ná do na gníomhartha sin a mholadh. Sa tslí chéanna, ní dhéanann na rialacha maidir le húsáid an nós imeachta scrúdúcháin i ndáil le bearta freagartha an Aontais a comhaontaíodh san ionstraim seo réamhbhreith ar thoradh na caibidlíochta reachtaí eile atá ar siúl nó a bheidh ann amach anseo agus ní mheasfar mar fhasach iad do chomhaid reachtacha eile. Dá bhrí sin, ní mheasfar gur fasach é an Rialachán seo le haghaidh gníomhartha eile.